Dréacht-bhreithiúnas - M. Condinanzi

BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Naoú Dlísheomra)

23 Deireadh Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Talmhaíocht – an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) – Scéimeanna tacaíochta dírí – Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 – Airteagal 15(1) – Eisceachtaí ó phionóis riaracháin a fhorchur – Iarratas ar chabhair mícheart – Iarratais den sórt a tharraingt siar – Fógra a thabhairt do na húdaráis náisiúnta inniúla – Pionóis riaracháin is infheidhme maidir le ródhearbhú limistéar – Pionóis faoi Airteagal 19a de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 – Infheidhmeacht an Airteagail seo tar éis aisghairm Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014)

I gCás C-267/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Administrativen sad – Varna (an Chúirt Riaracháin, Varna, an Bhulgáir), trí bhreith an 4 Aibreán 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 16 Aibreán 2024, sna himeachtaí

Kanevi Komers DS EOOD

v

Zamestnik izpalnitelen direktor na Darzhaven fond ‘Zemedelie’

tugann AN CHÚIRT (an Naoú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas:, M. Condinanzi (Rapóirtéir) Uachtarán Dlísheomra, N. Jääskinen agus R. Frendo, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– an Coimisiún Eorpach, ag M. Ilkova agus M. Salyková, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Bhulgáiris.

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagail 15 agus 19a de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe agus leis na cúinsí faoina ndiúltófar nó faoina n-aistarraingeofar íocaíochtaí agus pionóis riaracháin is infheidhme maidir le híocaíochtaí díreacha, le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe agus le traschomhlíonadh (IO 2014 L 181, lch. 48, agus ceartúchán IO 2015 L 209, lch. 48), arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1393 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2016 (IO 2016 L 225, lch. 41) ('Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014'), agus Airteagal 49(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Kanevi Komers DS EOOD, cuideachta atá corpraithe faoi dhlí na Bulgáire, agus Zamestnik izpalnitelen direktor na Darzhaven fond 'Zemedelie' (Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chiste Náisiúnta 'Talmhaíochta', an Bhulgáir) ('DFZ') maidir le cinneadh DFZ méid an chúnaimh airgeadais a d'iarr Kanevi Komers DS don bhliain mhargaíochta 2019 a laghdú, faoi roinnt scéimeanna cabhrach agus bearta le haghaidh íocaíochtaí díreacha a bhaineann le limistéar, agus pionóis a fhorchur air mar gheall ar ródhearbhuithe limistéar.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

3 Aisghaireadh Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 549, agus ceartúchán IO 2016 L 130, lch. 13), le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 le Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013 (IO 2021 L 435, lch. 187). Mar sin féin, faoi Airteagal 104 de Rialachán 2021/2116, beidh feidhm fós ag Airteagail 59, 63, 64, 67, 68, 74 agus 77 de Rialachán Uimh. 1306/2013 maidir le caiteachas arna thabhú agus íocaíochtaí arna ndéanamh le haghaidh scéimeanna tacaíochta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 608) i ndáil leis an mbliain féilire 2022 agus

roimhe sin. Ós rud é go mbaineann an t-iarratas ar chabhair atá i gceist sna príomhimeachtaí le bliain mhargaíochta 2021, tá Rialachán Uimh. 1306/2013 infheidhme sa chás seo.Foráiltear le míreanna 1 agus 3 d'Airteagal 59 de Rialachán Uimh. 1306/2013, dar teideal 'Prionsabail ghinearálta seiceálacha':

'1. Ach amháin nuair a fhoráiltear a mhalairt, aireofar sa chóras arna bhunú ag na Ballstáit [...] seiceáil chórasach riaracháin na n-iarratas ar chabhair agus na n-éileamh íocaíochta. Déanfar an córas sin a fhorlíonadh le seiceálacha ar an láthair.

[...]

3. Tarraingeoidh an t-údarás atá freagrach suas tuarascáil seiceála ar gach seiceáil ar an láthair.'

4 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 59(1) de Rialachán Uimh. 1306/2013, dar teideal 'Prionsabail ghinearálta seiceálacha':

'Ach amháin nuair a fhoráiltear a mhalairt, aireofar sa chóras arna bhunú ag na Ballstáit [...] seiceáil chórasach riaracháin na n-iarratas ar chabhair agus na n-éileamh íocaíochta. Déanfar an córas sin a fhorlíonadh le seiceálacha ar an láthair.'

5 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 63(1) agus (2) den Rialachán sin, dar teideal 'Íocaíochtaí neamhdhlite agus pionóis riaracháin':

'1. I gcás ina bhfaightear amach nach gcomhlíonann tairbhí na critéir incháilitheachta, nó na gealltanais nó oibleagáidí eile a bhaineann leis na coinníollacha maidir leis an gcabhair nó leis an tacaíocht a dheonú dá bhforáiltear sa reachtaíocht talmhaíochta earnálach, ní íocfar an chabhair nó tarraingeofar siar an chabhair ina hiomláine nó i bpáirt agus, i gcás inarb ábhartha, ní leithdhálfar na teidlíochtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 nó tarraingeofar siar iad.

[...]

2. Ina theannta sin, nuair a fhoráiltear amhlaidh leis an reachtaíocht talmhaíochta earnálach, cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm freisin pionóis riaracháin, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos in Airteagal 64 agus in Airteagal 77 [...]'

6 De réir Airteagal 64(4) de Rialachán Uimh. 1306/2013, dar teideal 'Pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm':

Féadfaidh na pionóis riaracháin a bheith i bhfoirm ceann díobh seo a leanas:

(a) laghdú i méid na cabhrach nó na tacaíochta a bheidh le híoc maidir leis an iarratas ar chabhair nó maidir leis an éileamh íocaíochta a mbíonn tionchar ag an neamhchomhlíonadh nó ag iarratais bhreise orthu; mar sin féin maidir le tacaíocht forbartha tuaithe, déanfar é sin gan dochar don deis a bheidh ann maidir leis an tacaíocht a fhionraí i gcás inar féidir a bheith ag súil go dtabharfaidh an tairbhí aghaidh ar an neamhchomhlíonadh laistigh de thréimhse réasúnach ama;

(b) íocaíocht ar mhéid a ríomhfar ar bhonn na cainníochta agus/nó an tréimhse a bheidh i gceist leis an neamhchomhlíonadh;

(c) formheas, aitheantas nó údarú a fhionraí nó a tharraingt siar;

(d) eisiamh ón gceart chun bheith rannpháirteach sa scéim cabhrach nó sa bheart tacaíochta nó ó leas a bhaint astu nó ó bheart eile lena mbaineann;'

7 Tá Airteagal 67 den Rialachán sin i gCaibidil 2 de Theideal V de, dar teideal 'Córas comhtháite riaracháin agus rialaithe', ina bhfuil an fhoclaíocht seo a leanas:

'1. Bunóidh gach Ballstát córas comhtháite riaracháin agus rialaithe ("an córas comhtháite").

[...]

4. Chun críche na Caibidle seo:

[...]

(b) ciallaíonn "íocaíocht dhíreach a bhaineann le limistéar" scéim na híocaíochta bunúsaí, an scéim íocaíochta aonair limistéir agus an íocaíocht athdháilte dá dtagraítear i gCaibidil 1 agus 2 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh 1307/2013, an íocaíocht i leith cleachtas talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil dá dtagraítear i gCaibidil 3 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh1307/2013, an íocaíocht le haghaidh na limistéar sin a bhfuil srianta nádúrtha iontu mar a thagraítear dó sin i gCaibidil 4 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh1307/2013, an íocaíocht le haghaidh feirmeoirí óga dá dtagraítear i gCaibidil [5] de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh 1307/2013, an tacaíocht chúpláilte dheonach a íoctar in aghaidh an heicteáir dá dtagraítear i gCaibidil 1 de Theideal IV, an íocaíocht a bhaineann le barra sonrach i gcás cadáis dá dtagraítear i gCaibidil 2 de Theideal IV, scéim na bhfeirmeoirí beaga dá dtagraítear i dTeideal V de Rialachán (AE) 1307/2013 [...]'

8 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 68(1) de Rialachán Uimh. 1306/2013:

Beidh na heilimintí seo a leanas sa chóras comhtháite:

(a) bunachar sonraí ríomhairithe;

(b) córas aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta;

(c) córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú;

(d) iarratais ar chabhair agus éilimh ar íocaíocht;

(e) córas comhtháite rialaithe;

(f) córas aonair chun taifeadadh a dhéanamh ar chéannacht gach tairbhí den tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 67(2) a chuireann isteach iarratas ar chabhair nó éileamh íocaíochta.'

9 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 74(1) den Rialachán sin:

I gcomhréir le hAirteagal 59, déanfaidh na Ballstáit, tríd na gníomhaireachtaí íocaíochta nó na comhlachtaí atá údaraithe acu le gníomhú ar a son, seiceálacha riaracháin ar an iarratas ar

chabhair chun na coinníollacha incháilitheachta don chabhair sin a fhíorú. Déanfar seiceálacha ar-an-láthair le cois na seiceálacha sin.'

10 De réir Airteagal 77 den Rialachán sin, dar teideal 'Pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm':

'1. Maidir leis na pionóis riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 63(2), beidh feidhm ag an Airteagal seo i gcás neamhchomhlíonadh maidir le critéir incháilitheachta, le gealltanais nó le hoibleagáidí eile de thoradh chur i bhfeidhm na rialacha maidir leis an tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 68(2).

[...]

4. D'fhéadfadh na pionóis riaracháin a bheith i bhfoirm ceann díobh seo a leanas:

(a) laghdú i méid na cabhrach nó na tacaíochta a íocadh nó a bheidh le híoc maidir leis na hiarratais ar chabhair nó maidir leis na héilimh ar íocaíocht a mbeidh tionchar ag an neamhchomhlíonadh orthu agus/nó maidir le hiarratais ar chabhair nó éilimh ar íocaíocht i leith blianta roimhe nó ina dhiaidh;

(b) íocaíocht ar mhéid a ríomhfar ar bhonn na cainníochta agus/nó an tréimhse a bheidh i gceist leis an neamhchomhlíonadh;

(c) eisiamh ón gceart chun bheith rannpháirteach sa scéim cabhrach nó sa bheart tacaíochta lena mbaineann.

[...]'

Rialachán Uimh. 1307/2013

11 Aisghaireadh Rialachán Uimh. 1307/2013 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO 2021 L 435, lch. 1). Faoi Airteagal 154(2) de Rialachán 2021/2115 leanfaidh Rialachán Uimh. 1307/2013, mar sin féin, d'fheidhm a bheith aige i ndáil le hiarratais ar chabhair a bhaineann le blianta éilimh a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2023. Ós rud é go mbaineann an t-iarratas ar chabhair atá i gceist sna príomhimeachtaí leis an mbliain mhargaíochta 2019, tá Rialachán Uimh. 1307/2013 infheidhme sa chás seo.

12 Foráiltear mar seo a leanas le haithris 4 de Rialachán Uimh. 1307/2013:

'Is gá a shoiléiriú gur cheart feidhm a bheith ag Rialachán [Uimh. 1306/2013] agus ag na forálacha arna nglacadh dá bhun maidir leis na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo. [...]'

13 Foráiltear le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 1307/2013:

‘Bunaítear leis an Rialachán seo:

(a) comhrialacha maidir le híocaíochtaí a dheonófar go díreach d'fheirmeoirí faoi na scéimeanna tacaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I (“íocaíochtaí díreacha”);

(b) rialacha sonracha maidir le:
   (i) íocaíocht bhunúsach d'fheirmeoirí (“scéim na híocaíochta bunúsaí”) agus scéim shimplithe idirthréimhse (“an scéim íocaíochta aonair limistéir”);
   (ii) cabhair idirthréimhseach dheonach náisiúnta d'fheirmeoirí;
   (iii) íocaíocht athdháilte dheonach;
   (iv) íocaíocht i gcomhair feirmeoirí a urramóidh cleachtais talmhaíochta a bheidh chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil;
   (v) íocaíocht dheonach i gcomhair feirmeoirí i limistéir a mbeidh srianta sonracha nádúrtha iontu;
   (vi) íocaíocht i gcomhair feirmeoirí óga a bheidh ag dul i mbun gníomhaíochta talmhaíochta den chéad uair;
   (vii) scéim um thacaíocht chúpláilte dheonach;

   […]’

Rialachán (AE) Uimh. 640/2014

14 Aisghaireadh Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta agus cur i bhfeidhm agus ríomh pionós riaracháin maidir le coinníollacht (IO 2022 L 183, lch. 12). I gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán Tarmligthe 2022/1172, áfach, leanann Rialachán Tarmligthe 640/2014 d’fheidhm a bheith aige maidir le hiarratais ar chabhair le haghaidh íocaíochtaí díreacha a cuireadh isteach roimh an 1 Eanáir 2023. Dá bhrí sin, i bhfianaise dháta na bhfíoras sna príomhimeachtaí, tá Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 infheidhme sa chás seo.

15 Foráiltear mar seo a leanas le haithrisí 2, 8, 17 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014:

‘(2) Go háirithe, ba cheart rialacha a bhunú chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a fhorlíonadh a mhéid a bhaineann le feidhmiú an chórais chomhtháite riaracháin agus rialaithe (córas comhtháite), na teorainneacha ama maidir le hiarratais ar chabhair nó éilimh íocaíochta a chur isteach, na coinníollacha maidir le cabhair a dhiúltú go páirteach nó go hiomlán agus maidir leis an gcabhair nó an tacaíocht a deonaíodh go míchuí a tharraingt siar go páirteach nó go hiomlán agus pionóis riaracháin a chinneadh i gcás neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheacht do chabhair faoi na scéimeanna a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 […]

[…]

(8) Chun cur chun feidhme ceart scéim na híocaíochta bunúsaí agus na n-íocaíochtaí gaolmhara dá bhforáiltear i dTeideal III de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit córas a bhunú chun teidlíochtaí íocaíochta a shainaithint agus a chlárú, lena n-áirithítear inrianaitheacht na dteidlíochtaí sin agus lena gceadaítear, *inter alia*, cros-seiceáil idir na limistéir a dearbhaíodh faoi scéim na híocaíochta bunúsaí agus teidlíochtaí íocaíochta gach feirmeora agus fíorú ar na teidlíochtaí íocaíochta éagsúla iontu féin.

[...]

(17) Tairbhithe a thugann fógra do na húdaráis náisiúnta inniúla tráth ar bith faoi iarratais ar chabhair nó faoi éilimh íocaíochta mhíchearta, níor cheart dóibh a bheith faoi réir aon phionóis riaracháin gan beann ar chúis an neamhchomhlíonta, murar cuireadh an tairbhí ar an eolas go bhfuil sé ar intinn ag an údarás inniúil seiceáil ar an láthair a dhéanamh nó go bhfuil an t-údarás tar éis an tairbhí a chur ar an eolas cheana féin faoi aon neamhchomhlíonadh san iarratas ar chabhair nó san éileamh íocaíochta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 2(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, dar teideal 'Sainmhínithe':

'[...]

[...] ciallaíonn:

[...]

(2) "neamhchomhlíonadh",
(a) le haghaidh critéir incháilitheachta, gealltanais nó oibleagáidí eile a bhaineann leis na coinníollacha maidir le deonú an chabhair nó na tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 67(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, aon neamhchomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta, na ngealltanas nó na n-oibleagáidí eile sin; [...]

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

17 Foráiltear le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, dar teideal 'Eisceachtaí ó phionós riaracháin a chur i bhfeidhm':

'1. Ní bheidh feidhm ag na pionóis riaracháin dá bhforáiltear sa Chaibidil seo maidir leis an gcuid den iarratas ar chabhair nó den éileamh íocaíochta a gcuireann an tairbhí an t-údarás inniúil ar an eolas i scríbhinn go bhfuil an t-iarratas ar chabhair nó an t-éileamh íocaíochta mícheart nó gur tháinig sé chun bheith mícheart ó taisceadh é, ar choinníoll nár cuireadh an tairbhí ar an eolas faoi rún an údaráis inniúil seiceáil ar an láthair a dhéanamh agus nár chuir an t-údarás an tairbhí ar an eolas cheana féin faoi aon neamhchomhlíonadh san iarratas ar chabhair nó san éileamh íocaíochta.

2. Beidh d'éifeacht ag an bhfaisnéis arna tabhairt ag an tairbhí dá dtagraítear sa chéad mhír go ndéantar an t-iarratas ar chabhair nó an t-éileamh íocaíochta a choigeartú de réir staid iarbhír an cháis.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

18 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 19a de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, dar teideal 'Pionóis riaracháin i gcás ródhearbhú limistéar le haghaidh scéim na híocaíochta bunúsaí, an scéim íocaíochta aonair limistéir, an íocaíocht athdháilte, scéim na bhfeirmeoirí óga, an íocaíocht do limistéir atá faoi shrianta nádúrtha, scéim na bhfeirmeoirí beaga, Natura 2000 agus íocaíochtaí atá nasctha leis an Treoir Réime maidir le hUisce, agus íocaíochtaí do limistéir atá faoi shrianta nádúrtha nó atá faoi srianta sonracha eile'::

'1. Más rud é, i gcás grúpa barr dá dtagraítear in Airteagal 17(1), go bhfuil an limistéar a dhearbhaítear faoi na scéimeanna cabhrach dá bhforáiltear i gCaibidlí 1, 2, 4 agus 5 de Theideal III agus i dTeideal V de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus faoi na bearta tacaíochta dá dtagraítear in Airteagail 30 agus 31 de [Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 487), níos mó ná an limistéar a cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialachán seo, ríomhtar méid na cabhrach nó na tacaíochta ar bhonn an limistéir a cinneadh, laghdaithe faoi 1,5 oiread na difríochta a cinneadh má tá an difríocht sin níos mó ná 3 % den limistéar a cinneadh nó 2 heicteár.

Ní rachaidh an pionós riaracháin thar 100 % de na méideanna bunaithe ar an limistéar a dearbhaíodh.

2. I gcás nár forchuireadh aon phionós riaracháin fós ar an tairbhí faoi mhír 1 as ródhearbhú limistéar don scéim cabhrach nó don bheart tacaíochta lena mbaineann, laghdaítear an pionós riaracháin dá dtagraítear sa mhír sin 50 % mura sáraíonn an difríocht idir an limistéar a dearbhaíodh agus an limistéar a cinneadh 10 % den limistéar a chinneadh.

3. I gcás inar laghdaíodh pionós riaracháin tairbhí i gcomhréir le mír 2 agus ina bhfuil pionós riaracháin eile dá dtagraítear san Airteagal seo agus in Airteagal 21 le forchur ar an tairbhí sin le haghaidh na scéime cabhrach nó an bhirt tacaíochta lena mbaineann i leith na bliana éilimh dár gcionn, íocfaidh sé an pionós riaracháin iomlán i leith na bliana éilimh sin ina dhiaidh sin agus íocfaidh sé an méid lenar laghdaíodh an pionós riaracháin a ríomhadh i gcomhréir le mír 2 i gcomhréir le mír 1.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014

19 Aisghaireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe, bearta forbartha tuaithe agus traschomhlíonadh (IO 2014 L 227, lch. 69), le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus

rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta (IO 2022 L 183, lch. 23). Mar sin féin, faoi Airteagal 14 de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 2022/1173, leanfaidh Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 809/2014 d'fheidhm a bheith aige maidir le hiarratais ar chabhair le haghaidh íocaíochtaí díreacha arna dtaisceadh roimh an 1 Eanáir 2023. I bhfianaise dháta na bhfíoras sna príomhimeachtaí, tá Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 809/2014 infheidhme sa chás seo.

20 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 25 de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 809/2014

'Féadfar seiceáil ar an láthair a fhógairt ar choinníoll nach gcuireann siad isteach ar a gcuspóir ná ar a n-éifeachtacht. Beidh aon fhógra teoranta go docht don íostréimhse ama is gá agus ní sáródh sé 14 lá.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

21 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 41 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, dar teideal 'Tuarascáil rialaithe':

'1. Beidh gach seiceáilar an láthair faoin Roinn seo faoi réir tuarascáil ar rialaithe lenar féidir athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí an rialaithe arna ndéanamh agus teacht ar chonclúidí faoi chomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta, na ngealltanas agus na n-oibleagáidí eile. [...]

2. Tabharfar deis don tairbhí an tuarascáil a shíniú le linn an rialaithe mar fhianaise go raibh sé i láthair ag an seiceáilagus chun barúlacha a chur léi. I gcás ina n-úsáideann Ballstáit tuarascáil rialaithe arna bhunú le modhanna leictreonach le linn an rialaithe, déanfaidh an t-údarás inniúil foráil don fhéidearthacht do shíniú leictreonaigh ag an tairbhí nó seolfar an tuarascáil rialaithe chuig an tairbhí gan mhoill chun deis a thabhairt dó an tuarascáil a shíniú agus aon bharúil a chur léi. Má fhaightear aon neamhchomhlíonadh, gheobhaidh an tairbhí cóip den tuarascáil rialaithe.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Bulgáire

ZPZP

22 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 41 den Zakon za podpomagane na zemedelskite proizvoditeli (an Dlí maidir le tacaíocht d'fheirmeoirí) (DV Uimh. 58, an 22 Bealtaine 1998), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí ('ZPZP'):

'(1) Féadfaidh feirmeoirí atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 7 iarratas a dhéanamh ar chabhair faoi na scéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 38a(1) trí iarratas ar chabhair a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 32(1) don bhliain féilire lena mbaineann.

[...]

(3) Ní mór an talamh talmhaíochta dá dtagraítear san iarratas ar chabhair a bheith ar fáil d'fheirmeoirí an 31 Bealtaine den bhliain féilire lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 36(5)

de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, a dheimhnítear le bunús dlí lena úsáid arna chlárú faoin [Zakon za sobstvenostta i polzvaneto na zemedelskite zemi (an Dlí maidir le húinéireacht agus úsáid talún talmhaíochta)].

(4) Tá an bunús dlí le húsáid talún talmhaíochta cláraithe le seirbhísí talmhaíochta bardasacha na háite ina bhfuil na réadmhaoine lonnaithe, trí bhogearraí speisialaithe arna mbainistiú ag an Aireacht Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta. Déanfar clárú go dtí dul in éag na dteorainneacha ama a leagtar síos san ordú dá dtagraítear in Airteagal 32(5) maidir le hiarratais ar chabhair a chur isteach agus maidir le leasuithe orthu.

(5) Déanann an Aireacht Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta na sonraí a bhaineann leis na bunúis dlí arna dtaifeadadh le haghaidh úsáid talún talmhaíochta a aicmiú, a achoimriú agus a tharchur chuig an ngníomhaireacht íocaíochta, uair amháin nó i gcéimeanna. [...]

(6) Agus iarratas ar chabhair á chur isteach tríd an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe [("CCRR")], fíoróidh an ghníomhaireacht íocaíochta na sonraí iarratais, a chuirfear i gcomparáid leis na sonraí dá dtagraítear i mír 5. Má chuir an feirmeoir talamh talmhaíochta lasmuigh de na limistéir a bhfuil bunús dlí leo nó a sháraíonn bunús dlí cláraithe na húsáide san áireamh ina iarratas, ginfidh an córas comhartha earráide. Cuirtear an tuairisc earráide faoi bhráid an fheirmeora le síniú.

(7) Ar dhul in éag na dteorainneacha ama chun an t-iarratas ar chabhair a thaisceadh agus a mhodhnú, dá bhforáiltear san ordú dá dtagraítear in Airteagal 32(5), déanfaidh an ghníomhaireacht íocaíochta seiceáil riaracháin ar gach iarratas ar chabhair arna thaisceadh a bhfuil comhartha earráide eisithe ag an gcóras ina leith. Le linn seiceálacha, cuirfear an fhaisnéis atá sna hiarratais ar chabhair i gcomparáid leis na sonraí dá dtagraítear i mír 5 maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4.

[...]

(9) I gcás nach nochtar leis an bhfíorú a dhéantar de bhun mhír 7 agus mhír 8 aon bhunús dlí cláraithe de réir bhrí mhír 4, cuirfidh an ghníomhaireacht íocaíochta forálacha Airteagal 43(3) i bhfeidhm.

23 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 43 de ZPZP:

'(1) Déanfaidh an ghníomhaireacht íocaíochta díreacha i leith iarratais arna dtaisceadh i gcás ina gcinneann sí an méid seo a leanas:

1. go n-úsáideann an t-iarratasóir na limistéir thalmhaíochta a dearbhaíodh san iarratas agus go saothraíonn sé gníomhaíocht talmhaíochta ann;

[...]

4. go measfar limistéir a dearbhaíodh i ndáil le cabhair a bheith incháilithe do chabhair le linn na seiceálacha dá dtagraítear in Airteagal 37(3) agus (4).

[...]

(3) Laghdóidh an ghníomhaireacht íocaíochta méid na híocaíochta nó diúltóidh sí an íocaíocht faoi scéimeanna íocaíochta dírí sna cásanna seo a leanas:

[...]

4. gur dhearbhaigh an t-iarratasóir limistéir nach saothraíonn sé nó gur dheabhaigh sé limistéir nach gcomhlíonann na critéir incháilitheachta mar a shainítear san Ordú dá dtagraítear in Airteagal 40;

5. i gcás an limistéir chéanna, gur cuireadh isteach dhá iarratas nó níos mó agus nár cuireadh deireadh le forluí limistéar;

[...]

7. nach úsáideoir na limistéar talmhaíochta dearbhaithe é an t-iarratasóir ar chabhair;

[...]

10. gur measfar limistéir a dhearbhaítear mar chabhair a bheith neamh-incháilithe le linn seiceálacha a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 37(3) agus (4).

(4) Laghdóidh an ghníomhaireacht íocaíochta méid na híocaíochta nó diúltóidh sí an íocaíocht dá dtagraítear i mír 3 i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.'

Ordú Uimh. 5 an 27 Feabhra 2009

24 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 2 de naredba nº 5 za usloviyata i reda za podavane na zayavlenia po shemi i merki za direktni plashtania (Ordú Uimh. 5 maidir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun iarratais a chur isteach faoi scéimeanna agus bearta le haghaidh íocaíochtaí díreacha) an 27 Feabhra 2009 (DV Uimh. 22 de 2009), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

'(1) Beidh tacaíocht faoi na scéimeanna agus na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1 ar oscailt d'fheirmeoirí a shaothraíonn talamh talmhaíochta agus/nó a thógann beostoc agus a chomhlíonann ceanglais Airteagal 41 de [ZPZP].

(2) Cuirfidh na daoine dá dtagraítear i mír 1 iarratas isteach ar thacaíocht faoi na scéimeanna agus na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1 ar fhoirm a bheidh le formheas go bliantúil ag [DFZ] – Gníomhaireacht íocaíochta (Razplashtatelna agentsia – RA). Tráth an chéad iarratais ar chabhair, ní mór do na daoine dá dtagraítear i mír 1 iarratas ar chlárú a chomhlánú freisin.'

25 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 11 den Ordú sin:

'(1) Faoin 31 Bealtaine, féadfaidh iarratasóirí ar thacaíocht athruithe a dhéanamh ar a n-iarratais agus ar na doiciméid atá i gceangal leo, lena n-áirítear trí scéimeanna agus bearta breise a chur leo, chomh maith le dáileachtaí talmhaíochta agus/nó ainmhithe faoi na scéimeanna agus/nó na bearta arna n-iarraidh. I gcás inar lá nach lá oibre é an 31 Bealtaine, rachaidh an teorainn ama chun iarratais a mhodhnú in éag ar an gcéad lá oibre ina dhiaidh sin.

[...]

(3) Ní fhéadfaidh iarratasóirí ar thacaíocht na leasuithe dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, sna cásanna seo a leanas:

1. gur cuireadh ar an eolas iad faoin neamhchomhlíonadh a sainaithníodh san iarratas;

2. gur cuireadh in iúl dóibh go mbeidh siad faoi réir rialaithe ar an láthair;

3. go raibh siad faoi réir seiceáil ar an láthair agus go bhfuarthas neamhchomhlíonadh.

(4) Ní mór na hathruithe dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh trí chóip den iarratas ar thacaíocht a chur isteach, le tic curtha leis an mbosca 'athruithe', agus é comhlíonta agus sínithe mar is cuí ag an iarratasóir. Chun na sonraí atá inti, iarratais ar thacaíocht agus éilimh ar íocaíocht (SRKZPZP) leis an tseirbhís talmhaíochta cathrach chomhfhreagrach (OSZ) a chur isteach, cuirfear an chóip sin sa Chóras um iarratasóirí a chlárú, i gcás gur iontráladh na sonraí a bhaineann le hiarratas an iarratasóra ar thacaíocht. Cuirfear isteach na sonraí i gcomhréir le hAirteagal 10(1).

[...]

(6) Féadfaidh iarratasóirí ar thacaíocht earráidí follasacha fíorasacha a cheartú in iarratais a chuirtear isteach tráth ar bith go dtí go ndéanfar an íocaíocht a fhormheas (go hiomlán nó go páirteach) nó go dtí go ndiúltófar í.'

26 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 14 d'Fhoraithne Uimh. 5:

'(1) Féadfaidh an t-iarratasóir ar chabhair an t-iarratas a cuireadh isteach nó scéim amháin nó níos mó a tharraingt siar, seachas scéim tacaíochta na bhfeirmeoirí beaga, go dtí tráth na híocaíochta faoin scéim lena mbaineann, ach tráth nach déanaí ná an 1 Nollaig de bhliain an iarratais. Ní fhéadfar aon chuid de dháileacht talmhaíochta a tharraingt siar. Déantar an tarraingt siar trí iarratas i scríbhinn chuig an stiúrthóireacht réigiúnach inniúil de DFZ sa réigiún ina bhfuil:

1. seoladh buan an iarratasóra – an duine nádúrtha;

2. Oifig chláraithe an iarratasóra – an duine dlítheanach nó an trádálaí aonair.

(2) Déanfar iarratas, nó nós imeachta amháin nó níos mó atá mar chuid de, a tharraingt siar le hiarraidh ar mhodhnú trí fhoirm iarratais a líonadh isteach leis na modhnuithe luaite sna boscaí.

[...]

(6) Ní fhéadfaidh iarratasóir ar chabhair a iarratas nó ceann amháin nó níos mó dá scéimeanna a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

1. cuirfear ar an eolas é maidir leis an bhforluí a shainaithnítear san iarratas a mhéid a bhaineann leis na dáileachtaí a bhfuarthas forluí ina leith;

2. gur cuireadh in iúl dó gur roghnaíodh é le haghaidh seiceáil ar an láthair i ndáil leis na limistéir agus/nó na hainmhithe atá faoi rialú;

3. bhí sé faoi réir seiceáil ar an láthair agus cuireadh ar an eolas é faoin neamhchomhlíonadh a fuarthas i ndáil le limistéir agus/nó ainmhithe a bhfuarthas neamhchomhlíonadh ina leith.

(7) Ní ghlacfar le hiarratais ar chabhair a tharraingt siar le linn thréimhse chros-seiceálacha na n-iarratas sin. Foilseofar tréimhse na gcros-seiceálacha ar shuíomh gréasáin an Chiste Náisiúnta Talmhaíochta.

[…]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuirtear le haghaidh réamhrialú

27 Chuir Kanevi Komers DS iarratas isteach ar chúnamh airgeadais don bhliain mhargaíochta 2019 faoi roinnt scéimeanna agus bearta le haghaidh íocaíochtaí díreacha limistéarbhunaithe arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ag buiséad náisiúnta Phoblacht na Bulgáire.

28 Bhí an t-iarratas sin faoi réir fíoraithe riaracháin agus seiceáil ar an láthair, ar rinneadh an chéad cheann idir an 8 agus an 28 Lúnasa 2019 agus an dara ceann, a rinneadh idir an 22 agus an 25 Deireadh Fómhair 2019.

29 Le litir dar dáta an 4 Samhain 2019 a seoladh chuig Stiúrthóireacht Réigiúnach DFZ de Chathair Targovishte (an Bhulgáir), tharraing Kanevi Komers DS, de bhun Airteagal 14(1) d'Fhoraithne Uimh. 5, a iarratas ar chabhair siar le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta áirithe. An 5 Samhain 2019, taisceadh an litir chéanna i gceannoifig DFZ.

30 I litir dar dáta an 18 Nollaig 2019, chuir DFZ in iúl do Kanevi Komers DS, ar an gcéad dul síos, nach raibh tarraingt siar an iarratais ar chabhair bailí, ós rud é nár rinneadh é trí úsáid a bhaint as an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe ('CCRR') agus, ar an dara dul síos, go raibh údar le diúltú an t-iarratas ar chabhair a tharraingt siar toisc go raibh sé beartaithe aige cheana féin agus gur chinn sé seiceáil a dhéanamh. Mar sin féin, níor chuir DFZ aon doiciméad ar fáil lena bhfianaítear cinneadh an rialaithe sin.

31 I litir dar dáta an 5 Nollaig 2022, chuir DFZ in iúl do Kanevi Komers DS gur údaraíodh agus gur íocadh tacaíocht ar bhonn an limistéir a dearbhaíodh don bhliain mhargaíochta 2019. Luadh sa litir sin go ndearnadh méid iomlán na cabhrach a údaraíodh a ríomh tríd an CCRR, tar éis seiceáil riaracháin agus seiceáil ar an láthair éigeantach a bhaineann leis na sonraí san iarratas ar thacaíocht a chuir an chuideachta sin isteach, gur laghdaíodh na méideanna a d'éiligh Kanevi Komers DS agus gur ríomhadh méideanna na bpionós is infheidhme maidir le Kanevi Komers DS mar gheall ar limistéir fhorluiteacha i gcomhréir le hAirteagal 19a de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014.

32 Thug Kanevi Komers DS caingean i gcoinne na litreach sin os comhair an Administrativen sad – Varna (an Chúirt Riaracháin, Varna), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

33 Os comhair na cúirte sin, maíonn Kanevi Komers DS, go bunúsach, go raibh sé i dteideal dáileachtaí a bhfuil iarratas déanta aige ar thacaíocht ina leith a tharraingt siar óna iarratas ar chabhair, ní tríd an CCRR, ach i gcomhréir leis na coinníollacha substainteacha agus nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 15 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 agus in Airteagal 14 d'Fhoraithne Uimh. 5, eadhon trí fhógra i scríbhinn a sheoladh chuig Stiúrthóireacht

Réigiúnach DFZ i gcás nár cuireadh an tairbhí ar an eolas faoi rún an údaráis inniúil seiceáil ar an láthair a dhéanamh agus nár chuir an t-údarás sin ar an eolas é cheana faoi aon neamhchomhlíonadh a fuarthas ina iarratas ar chabhair nó ina éileamh íocaíochta.

34 Sonraíonn Kanevi Komers DS, i ndáil leis sin, gur thug sé fógra do DFZ maidir leis an iarratas ar limistéir áirithe a tharraingt siar óna iarratas ar chabhair laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos leis an dlí náisiúnta agus gur chomhlíon sé an fhoirm scríofa dá bhforáiltear in Airteagal 15 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014. Maíonn sé freisin nár luadh aon dáileacht talún sa chinneadh lena n-ordaítear an seiceáil ar an láthair a rinneadh idir an 8 agus an 28 Lúnasa 2019 agus, dá bhrí sin, nach raibh aon fhianaise ag an údarás riaracháin gurbh ionann na limistéir a chumhdaítear leis an iarratas ar tharraingt siar agus na limistéir sin a ainmníodh le haghaidh rialú. Dá réir sin, measann sé gur sháraigh DFZ Airteagal 15 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, ar an gcéad dul síos, trí na limistéir a chumhdaítear leis an iarratas ar tharraingt siar a áireamh i ríomh na cabhrach agus, ar an dara dul síos, trí phionóis a fhorchur gan an ceartúchán a rinneadh ar an iarratas ar chabhair a chur san áireamh.

35 Áitíonn DFZ, chun go mbeidh tarraingt siar na ndáileachtaí ón iarratas ar chabhair bailí, nach mór é a dhéanamh tríd an CCRR i gcomhréir le nósanna imeachta lenar féidir an t-iarratas sin a phróiseáil go hiomchuí. Léiríonn sé gur forbraíodh feidhmiúlacht sa CCRR lena gceadaítear, agus iarratas ar tharraingt siar iomlán nó pháirteach limistéir á chur isteach, seiceáil incháilitheachta don iarratas sin d'fhonn tarraingt siar den sórt sin a fhormheas nó gan é a fhormheas. Sonraíonn DFZ nach féidir déileáil le haon bhealach eile chun an tarraingt siar sin a dhéanamh nach dtugann an fhéidearthacht oibiachtúil inghlacthacht an iarratais ar tharraingt siar a fhíorú, mar iarraidh den sórt sin.

36 De réir na cúirte a rinne an tarchur, ardaítear an cheist, i bhfianaise Airteagal 15 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, an leor fógra a thabhairt maidir leis an iarratas ar tharraingt siar i scríbhinn agus go sroicheann sé an t-údarás inniúil, nó an gá an fógra sin a thabhairt i bhformáid shonrach agus trí ardán tiomnaithe ríomhaireachta. I ndáil leis sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur nach bhforáiltear le Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 nach mór iarratas ar limistéir a tharraingt siar a dhéanamh trí ardán den sórt sin ná go d'inniúlacht na mBallstát chun rialacha forlíontacha a bhunú d'fhonn an rialachán tarmligthe sin a chur chun feidhme.

37 Ina theannta sin, i bhfianaise fhoclaíocht Airteagal 15 den Rialachán Tarmligthe sin, tagann an cheist chun cinn an gá an t-Airteagal sin a léiriú sa chaoi, i gcás nár cuireadh in iúl don tairbhí go raibh sé beartaithe ag an údarás inniúil seiceáil a dhéanamh agus nár cuireadh an tairbhí sin ar an eolas faoi aon neamhchomhlíonadh a fuarthas san iarratas ar chabhair, go bhféadfaidh sé an t-údarás inniúil a chur ar an eolas i scríbhinn go bhfuil a iarratas ar chabhair nó a éileamh íocaíochta mícheart nó gur tháinig sé chun bheith mícheart ón uair a taisceadh an t-iarratas go dtí an lá a gcuirfear ar an eolas é faoi na coinníollacha a chuireann cosc ar an bhfógra sin a thabhairt.

38 Ar deireadh, maidir le hAirteagal 19a de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, ar a bhonn a d'fhorchuir DFZ pionóis ar Kanevi Komers DS, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go bhfuil feidhm fós ag an rialachán tarmligthe sin, fiú le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, maidir le hiarratais ar chabhair a bhaineann le híocaíochtaí díreacha a cuireadh isteach roimh an dáta sin, mar is amhlaidh sna príomhimeachtaí. Mar sin féin, tugann sí dá haire nach bhfuil Airteagal 19a sa leagan comhdhlúite den rialachán tarmligthe sin a thuilleadh. Dá bhrí sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gá a mheas go raibh an t-Airteagal sin i bhfeidhm ar an dáta a forchuireadh na pionóis ar Kanevi Komers DS, eadhon an 5 Nollaig 2022.

39 Sna himthosca sin, chinn Administrativen sad – Varna (Cúirt Riaracháin, Varna) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An bhfuil forálacha Airteagal 15 de [Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014] infheidhme go díreach sna Ballstáit, nó an bhfuil gá le bearta náisiúnta a ghlacadh chun go mbeidh siad infheidhme?

(2) An bhfuil Airteagal 15 de [Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014] le meas sa chaoi go bhforáiltear, chun go dtabharfaidh an tairbhí fógra cuí don údarás inniúil go bhfuil an t-iarratas ar chabhair nó ar íocaíocht mícheart nó go bhfuil siad tar éis éirí mícheart ó taisceadh iad, gur leor gur cuireadh an fhaisnéis isteach i scríbhinn agus go bhfuair an t-údarás inniúil í, gan foráil a dhéanamh í a chur isteach trí ardán sonrach?

(3) An bhfuil na srianta arna dtabhairt isteach le hAirteagal 15 de [Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014] ar chearta an tairbhí chun a chur in iúl don údarás inniúil, gan pionós a thabhú, go bhfuil an t-iarratas ar chabhair nó ar íocaíocht mícheart nó go bhfuil sé tar éis éirí mícheart ó taisceadh é, is é sin ‘nár cuireadh an tairbhí ar an eolas faoi rún an údaráis inniúil chun seiceáil ar an láthair a dhéanamh’ agus ‘[nár] chuir an t-údarás in iúl don tairbhí faoi aon neamhchomhlíonadh san iarratas ar chabhair nó ar íocaíocht’, le léiriú sa chaoi go n-éilítear fianaise gur chuir an t-údarás inniúil in iúl don tairbhí go rabh rún aige seiceáil a dhéanamh nó faoi aon neamhchomhlíonadh san iarratas ar chabhair nó ar íocaíocht? I ndáil leis sin, i gcás nár chuir an t-údarás inniúil in iúl don tairbhí go raibh rún aige seiceáil ar an láthair a dhéanamh ar aon neamhchomhlíonadh san iarratas ar chabhair nó ar íocaíocht, an údaraítear don tairbhí faoin bhforáil sin den Rialachán an t-iarratas a tharraingt siar sula gcuireann an t-údarás riaracháin é ar an eolas, i gcás ina ndearnadh seiceáil cheana agus gur tháinig an t-údarás ar neamhchomhlíonadh?

(4) An gcuirtear cosc le haithris 17 agus le hAirteagal 15 de [Rialachán Tarmligthe Uimh. 604/2014] ar riail náisiúnta ar dá réir ‘nach féidir leis an iarratasóir ar thacaíocht an t-údarás nó an t-iarratas a cuireadh isteach a tharraingt siar ina iomláine nó i dtaca le scéim amháin nó níos ann más rud é: 1. nár cuireadh in iúl dó [go bhfuarthas] forlíonadh ann ó thaobh na ndáileachtaí forluiteacha; 2. gur cuireadh in iúl dó gur roghnaíodh é le haghaidh seiceáil ar an láthair; 3. go ndeachaigh sé faoi sheiceáil ar an láthair agus gur cuireadh in iúl dó [go bhfuarthas] neamhchomhlíonadh ó thaobh na limistéar agus/nó na n-ainmhithe lena mbaineann’, chomh maith le cleachtas ar thaobh an údaráis náisiúnta maidir leis na seiceálacha ar an láthair (ar dá réir ní chuirtear an tairbhí ar an eolas faoin tseiceáil ná faoina toradh) agus cleachtas ar thaobh an údaráis náisiúnta lena gceanglaítear ar thairbhithe fógra i scríbhinn a thabhairt faoi tharraingt siar trí chóras tiomnaithe, ar mhaithe le hiarratais a phróiseáil go héasca amháin?

(5) An bhfuil feidhm ag an tríú habairt d’Airteagal 49(1) den [Chairt] maidir leis an bpionós a fhorchuirtear ar fheirmeoir faoi Airteagal 19a de [Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014], (arna aisghairm le Rialachán Tarmligthe 2022/1172 le haithris 16, ar dá réir “Ar mhaithe le soiléireacht agus le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 a aisghairm. Mar sin féin, ba cheart don Rialachán sin leanúint d’fheidhm a bheith aige maidir le hiarratais ar chabhair le haghaidh íocaíochtaí díreacha arna dtaisceadh roimh an 1 Eanáir 2023, maidir le [héilimh] ar íocaíocht a dhéantar i ndáil le bearta tacaíochta arna gcur chun feidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus maidir leis an gcóras rialaithe agus na pionóis riaracháin a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le traschomhlíonadh”), a bhí infheidhme sa bhliain mhargaíochta 2019 agus tráth a

forchuireadh an pionós trí litir fógra dar dáta an 5 Nollaig 2022 maidir le formheas agus íocaíocht tacaíochta airgeadais arna híoc faoi scéimeanna agus bearta le haghaidh íocaíochtaí díreacha [a bhaineann le limistéar] sa bhliain mhargaíochta, uimhir chomhaid […] 05.12.2022 i bhfianaise, tráth a scrúdaíodh an cás ag an gcúirt, nach raibh Airteagal 19a i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 an 11 Márta 2014 sa leagan a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023?'

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist agus an dara ceist

40 Leis an gcéad cheist agus an dara ceist, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar iarratasóir ar chabhair an t-údarás inniúil náisiúnta a chur ar an eolas faoi aon earráid nó modhnú ar an iarratas ar chabhair nó ar an éileamh íocaíochta trí ardán tiomnaithe ríomhaireachta.

41 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos cé go mbíonn, de bhua chineál na rialachán féin agus a bhfeidhm i gcóras fhoinsí dhlí an Aontais, éifeacht láithreach, go ginearálta, ag forálacha na rialachán sna córais dlí náisiúnta gan é a bheith riachtanach do na húdaráis náisiúnta bearta cur chun feidhme a ghlacadh, d'fhéadfadh sé a bheith de cheangal ag cuid dá bhforálacha, áfach, go nglacfaidh na Ballstáit bearta cur chun feidhme chun iad a chur i bhfeidhm. (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2012, *Ketelä*, C-592/11, EU:C:2012:673, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Is léir ó chásdlí socair go bhféadfaidh na Ballstáit bearta a ghlacadh chun rialachán a chur chun feidhme mura gcuireann siad bac ar a infheidhmeacht dhíreach, mura gceileann siad a chineál mar dhlí an Aontais agus má shonraíonn siad feidhmiú na lánrogha a thugtar dóibh leis an Rialachán sin agus iad fós laistigh de theorainneacha a fhorálacha (breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2012, *Ketelä*, C-592/11, EU:C:2012:673, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Is trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha ábhartha an Rialacháin lena mbaineann, arna léiriú i bhfianaise chuspóirí an Rialacháin sin, go bhféadfar a chinneadh an gcuireann siad toirmeasc, ceangal nó ceadú do na Ballstáit bearta áirithe cur i bhfeidhm a ghlacadh agus, go háirithe sa chás deireanach sin, an dtagann an beart lena mbaineann faoi raon feidhme an lánrogha atá ag gach Ballstát (breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2012, *Ketelä*, C-592/11, EU:C:2012:673,mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Ina theannta sin, agus forálacha dhlí an Aontais á léiriú, is gá a chur san áireamh ní hamháin foclaíocht na forála sin, ach an comhthéacs ina bhfuil sí chomh maith, agus na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha atá sí mar chuid díobh (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2024, *Agrarmarkt Austria*, C-350/23, EU:C:2024:771, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhforáiltear le hAirteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 nach bhfuil feidhm ag na pionóis riaracháin maidir leis an gcuid den iarratas ar chabhair nó den éileamh íocaíochta a gcuireann an tairbhí an t-údarás inniúil ar an eolas i scríbhinn go bhfuil an t-iarratas ar chabhair nó an t-éileamh íocaíocht mhícheart nó gur tháinig sé chun bheith mícheart ó taisceadh é, ar choinníoll nár

cuireadh an tairbhí ar an eolas faoi rún an údaráis inniúil seiceáil ar an láthair a dhéanamh agus nár chuir an t-údarás an tairbhí ar an eolas cheana féin faoi aon neamhchomhlíonadh san iarratas ar chabhair nó san éileamh íocaíochta.

46 Dá bhrí sin, leanann sé ó fhoclaíocht na forála sin nach gceadaítear léi ná nach dtoirmeasctar léi go sainráite do na Ballstáit rialacha breise a leagan síos maidir leis an oibleagáid atá ar an tairbhí an t-údarás inniúil a chur ar an eolas i scríbhinn faoin gcuid den iarratas ar chabhair nó den éileamh íocaíochta a mheastar a bheith mícheart nó atá tagtha chun bheith mícheart ónar taisceadh é.

47 Ar an dara dul síos, maidir le comhthéacs na forála sin, tá sí i gCaibidil IV de Theideal II de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, atá dírithe ar na modhanna chun cabhair agus pionóis riaracháin a ríomh i gcás neamhchomhlíonadh, maidir le scéimeanna le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus bearta forbartha tuaithe faoi CCRR.

48 Sainmhínítear an nath ‘neamhchomhlíonadh’ é féin le mír 2(a) d’Airteagal 2(1) den Rialachán Tarmligthe sin mar bheith ‘le haghaidh critéir incháilitheachta, gealltanais nó oibleagáidí eile a bhaineann leis na coinníollacha maidir le deonú an chabhair nó na tacaíochta [...], aon neamhchomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta, na ngealltanas nó na n-oibleagáidí eile sin.

49 Ós rud é go bhfuil Airteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 mar chuid de chomhthéacs ríomh na cabhrach agus na bpionós riaracháin i gcás neamhchomhlíonadh agus go bhforáiltear leis an bhféidearthacht an t-iarratas ar chabhair nó an t-éileamh íocaíochta a cheartú, go nglactar leis nár chuir an t-údarás inniúil in iúl don tairbhí go fóill go bhfuil sé beartaithe aige seiceáil ar an láthair a dhéanamh ná nár chuir sé an tairbhí ar an eolas faoi chásanna neamhchomhlíonta a fuarthas ina iarratas ar chabhair nó ina éileamh íocaíochta, ní mór a mheas go bhféachtar leis an bhforáil sin lena áirithiú go bhfuil an ceartú arna dhéanamh ag an dtairbhí ina dhiaidh sin déanta ar chúiseanna uathrialacha agus deonacha, meon macánta an tairbhí mar shaintréith de.

50 Ar an tríú dul síos, ní mór na cuspóirí a shaothraítear ar bhonn níos ginearálta le Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 a chinneadh i bhfianaise chúraimí bhainistíocht chomhroinnte chistí an Aontais leis na Ballstáit, i gcomhthéacs an chomhbheartais talmhaíochta (CBT), arna seiceáil ag Rialachán Uimh. 1306/2013, a fhorlíontar leis an rialachán tarmligthe sin maidir le heilimintí neamhriachtanacha.

51 I ndáil leis sin, leanann sé go soiléir ó reachtaíocht an Aontais maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ó mhaoiniú CBT agus CCRR go bhfuil sé de chúram ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun cur chun feidhme cuí CCRR a áirithiú agus go bhfuil sé de cheangal orthu go háirithe na bearta is gá a dhéanamh chun fírinne agus rialtacht na scéimeanna cabhrach arna maoiniú ag an Aontas Eorpach a áirithiú chomh maith le neamhrialtachtaí a chosc agus a shaothrú (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Meitheamh 2010, *Pontini agus páirtithe eile*, C-375/08, EU:C:2010:365, mír 75). Leag reachtas an Aontais na hoibleagáidí sin síos in Airteagal 59 de Rialachán 2021/2116, a chomhfhreagraíonn d’Airteagal 58 de Rialachán Uimh. 1306/2013, a aisghaireadh le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

52 Chuige sin, ar an gcéad dul síos, i gcomhréir le hAirteagail 63, 64 agus 77 de Rialachán Uimh. 1306/2013, ní mór do na Ballstáit pionóis riaracháin a fhorchur, atá comhréireach agus céimnithe i gcomhréir le déine, méid, ré agus atarlú an neamhchomhlíonta a aimseofar, agus a d’fhéadfadh a bheith i bhfoirm laghdú ar mhéid na cabhrach nó na tacaíochta, íocaíocht de mhéid arna ríomh ar bhonn na cainníochta agus/nó na tréimhse lena mbaineann an

neamhchomhlíonadh, fionraí nó tarraingt siar údaraithe, aitheantais nó formheasa, nó eisiamh ón gceart chun páirt a ghlacadh sa scéim cabhrach, sa bheart tacaíochta nó sa bheart eile lena mbaineann nó leas a bhaint astu.

53 Ar an dara dul síos, faoi Airteagail 67 go 73 den Rialachán sin, bunóidh na Ballstáit CCRR, go háirithe chun barántúlacht agus comhlíonadh oibríochtaí arna maoiniú ag buiséad an Aontais faoi CBT a fhíorú, chomh maith le héifeachtacht agus faireachán na tacaíochta ón Aontas a fheabhsú, trí chosc a chur ar neamhrialtachtaí agus calaoise agus cur i bhfeidhm na bpionós iomchuí a éascú.

54 Dá réir sin, níl aon ní i Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 chun tacú leis an tuairim nach féidir leis na Ballstáit bearta cur chun feidhme a ghlacadh lena bhforáiltear nach mór cumarsáid i scríbhinn faoi Airteagal 15 a dhéanamh trí ardán ríomhaireachta sonrach.

55 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt cheana féin go bhfuil rogha ag na Ballstáit chun scéimeanna cabhrach a chur chun feidhme agus chun na bearta náisiúnta a mheasann siad a bheith riachtanach a roghnú chun neamhrialtachtaí agus calaois a chosc agus a phionósú go hiomchuí (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Meitheamh 2010, *Pontini agus páirtithe eile*, C-375/08, EU:C:2010:365, mír 76),

56 Mar sin féin, ní mór feidhmiú lánrogha na mBallstáit maidir leis an bhfianaise atá le soláthar chun tacú le hiarratas ar chabhair agus leis an reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear an lánrogha sin chun feidhme a bheith comhsheasmhach leis na cuspóirí a shaothraítear le reachtaíocht an Aontais lena mbaineann agus le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, amhail prionsabal na comhréireachta agus prionsabal na deimhneachta dlíthiúla (féach, chuige sin, breithiúnais an 27 Meitheamh 2019, *Azienda Agricola Barausse Antonio e Gabriele*, C-348/18, EU:C:2019:545, mír 57, agus an 7 Aibreán 2022, *Avio Lucos*, C-116/20, EU:C:2022:273, mír 63).

57 Cé gur faoin gcúirt náisiúnta atá sé a fhíorú, i ngach cás aonair, ar comhlíonadh na prionsabail sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Meitheamh 2010, *Pontini agus páirtithe eile*, C-375/08, EU:C:2010:365, mír 89), tá dlínse ag an gCúirt, i gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, treoir iomlán a thabhairt don chúirt náisiúnta maidir le léiriú ar dhlí an Aontais chun a chur ar a cumas saincheist na comhoiriúnachta a chinneadh chun críocha an cháis os a chomhair (breithiúnas an 11 Meitheamh 2020, *Subdelegación del Gobierno en Guadalajara*, C-448/19, EU:C:2020:467, mír 17 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Maidir le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, a chuireann an Chúirt san áireamh i réimse na cabhrach d'fheirmeoirí, go háirithe maidir leis na forálacha maidir le pionóis riaracháin (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Kaszamás*, C-79/23, EU:C:2024:329, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear), ní mór a mheabhrú go gceanglaítear leis ní hamháin go gcuireann rialacha an Aontais ar chumas na ndaoine lena mbaineann a bheith ar an eolas go beacht faoi mhéid na n-oibleagáidí a fhorchuirtear orthu, ach freisin nach mór do na daoine sin a bheith in ann a fháil amach go soiléir cad iad a gcearta agus a n-oibleagáidí agus bearta a dhéanamh dá réir sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Iúil 2018, *Teglgaard agus Fløjstrupgård*, C-239/17, EU:C:2018:597, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Is léir ó na doiciméid atá os comhair na Cúirte, faoi Airteagal 14 d'Fhoraithne Uimh. 5, go dtarraingítear siar iarratais ar chabhair trí chumarsáid i scríbhinn a seoltar chuig Stiúrthóireacht Réigiúnach DFZ lena mbaineann. Ar an gcéad dul síos, ní léir ón gcomhad sin, tráth na bhfíoras sna príomhimeachtaí, gur forchuireadh le foráil de dhlí na Bulgáire an oibleagáid fógra faoin

tarraingt siar sin a chur isteach trí ardán ríomhaireachta speisialaithe. Ar an dara dul síos, de réir na faisnéise a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, d'eascair an ceanglas go ndéanfaí an tarraingt siar sin ar an mbealach sin as cleachtas na n-údarás náisiúnta.

60 Cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chinneadh an gcomhlíonann an dlí náisiúnta prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, ní mór a shonrú, i gcás nach bhfuil an oibleagáid iarratas ar chabhair a tharraingt siar trí ardán ríomhaireachta sonrach bunaithe ar bhunús dlí, ach ar chleachtas na n-údarás náisiúnta amháin, nach ndealraíonn sé go bhfuil cleachtas den sórt sin comhoiriúnach leis an gceanglas maidir le hintuarthacht i gcur i bhfeidhm na rialacha dlí a cheanglaítear leis an bprionsabal sin, a mhéid a d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh d'oibleagáidí thairbhí na cabhrach.

61 Maidir le prionsabal na comhréireachta, lena gceanglaítear, dar leis an gCúirt, go mbeadh bearta arna gcur chun feidhme trí fhorálacha iomchuí chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach agus nach féidir leo dul thar a bhfuil riachtanach chun é a bhaint amach, ní mór a mheabhrú nach mór do reachtas an Aontais agus do na húdaráis reachtacha náisiúnta agus do na cúirteanna náisiúnta a chuireann dlí an Aontais i bhfeidhm an prionsabal sin a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Meitheamh 2010, *Pontini agus páirtithe eile*, C-375/08, EU:C:2010:365, mír 87). Dá bhrí sin, ní mór do na húdaráis náisiúnta inniúla an prionsabal sin a urramú i gcomhthéacs chur i bhfeidhm fhorálacha Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014.

62 Dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain thapa agus éasca ag tairbhithe na cabhrach, is cuma cén chumas atá acu ar an uirlis ríomhaireachta, ar bhonneagar lena gcuirtear ar a gcumas dóibh, gan aon deacracht agus laistigh de thréimhse réasúnta, na fógraí dá dtagraítear in Airteagal 15 den Rialachán Tarmligthe sin a sheoladh chuig an údarás inniúil. Mura ráthaítear an fhéidearthacht sin sa Bhallstát lena mbaineann, ba cheart a mheas go bhfuil an oibleagáid a fhorchuireann an Ballstát sin fógra den sórt sin a thabhairt trí ardán ríomhaireachta speisialaithe díréireach a mhéid a d'fhéadfadh mainneachtain an oibleagáid sin a chomhlíonadh, faoin dlí riaracháin náisiúnta, fógra a chur ar neamhní go hiomlán faoi Airteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014.

63 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist nach mór Airteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar iarratasóir ar chabhair an t-údarás náisiúnta inniúil a chur ar an eolas faoi aon earráid nó modhnú ar an iarratas ar chabhair nó ar an éileamh íocaíochta trí ardán tiomnaithe ríomhaireachta amháin, ar choinníoll go n-urramaítear na cuspóirí a shaothraítear le reachtaíocht an Aontais atá i gceist agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, go háirithe prionsabail na comhréireachta agus na deimhneachta dlíthiúla.

An tríú ceist

64 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 a léiriú sa chaoi, ar an gcéad dul síos, go gceanglaítear ar an údarás náisiúnta inniúil le cur i bhfeidhm pionós riaracháin i gcás iarratas mícheart ar chabhair a léiriú nach bhfuil an dá choinníoll a leagtar amach ann á gcomhlíonadh agus, ar an dara dul síos, go gceadaítear leis an bhforáil sin do thairbhí a iarratas ar chabhair nó a éileamh íocaíochta a mhodhnú nó a tharraingt siar fad is nár cuireadh in iúl dó go ndearna an t-údarás inniúil seiceáil nó go bhfuarthas neamhchomhlíonadh ina iarratas.

65 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcéad chuid den tríú ceist, a bhaineann le cruthúnas ar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, eadhon nár cuireadh an tairbhí ar an eolas go raibh sé beartaithe ag an údarás inniúil seiceáil ar an láthair a dhéanamh agus nár chuir an t-údarás inniúil ar an eolas é cheana faoi chásanna neamhchomhlíonta a fuarthas ina iarratas ar chabhair nó ina éilimh íocaíochta, ní mór a thabhairt faoi deara nach rialaítear glacadh fianaise leis an bhforáil sin ná le forálacha níos sonraí eile den Rialachán Tarmligthe sin.

66 Is cásdlí socair é, a mhéid nach bhfuil forálacha níos sonraí i rialachán a bhaineann go háirithe le fianaise a ghlacadh, gur faoi dhlíchóras náisiúnta gach Ballstáit atá sé, i gcomhréir le prionsabal neamhspleáchais an nóis imeachta, agus faoi réir phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta, na rialacha mionsonraithe a leagan síos lena rialaítear glacadh fianaise, na modhanna inghlactha cruthúnais nó na prionsabail lena rialaítear measúnú ar luach cruthúnais na fianaise agus an caighdeán cruthúnais atá ag teastáil. (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Aibreán 2022, *Vinařství U Kapličky*, C-86/20, EU:C:2022:320, mír 75 agus an cásdlí dá dtagraítear).

67 Dá bhrí sin, sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise, ar a luach cruthúnais agus ar an gcaighdeán cruthúnais a éilítear, ar bhonn an dlí náisiúnta is infheidhme agus i gcomhréir le prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta.

68 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le prionsabal an dea-riaracháin agus le prionsabal na sáraíochta, go leagtar síos le hAirteagal 59(3) de Rialachán Uimh. 1306/2013 agus le hAirteagal 41 de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 809/2014 oibleagáid ar an údarás inniúil tuarascálacha ar seiceáil ar an láthair a tharraingt suas. Is léir go háirithe ó fhoclaíocht Airteagal 41 nach mór don tuarascáil ar seiceáil cuntas cruinn a thabhairt ar ghnéithe éagsúla an rialaithe, go dtugtar an deis don tairbhí an tuarascáil sin a shíniú le linn an rialaithe chun a dheimhniú go raibh sé i láthair le linn an rialaithe agus chun barúlacha a chur léi agus, má aimsítear neamhrialtachtaí, go bhfaigheann sé cóip di. Dá bhrí sin, is léir go bhfuil an fhianaise is gá ar fáil don údarás riaracháin inniúil chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an dá choinníoll dhiúltacha a leagtar síos in Airteagal 15 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014.

69 Ina dhiaidh sin, maidir leis an dara cuid den tríú ceist, ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 15 den Rialachán Tarmligthe sin, go bhfuil tairbhí na cabhrach in ann a iarratas ar chabhair nó a éileamh íocaíochta a tharraingt siar nó a mhodhnú gan pionóis riaracháin a fhorchur, ar choinníoll nár cuireadh in iúl dó go raibh sé beartaithe ag an údarás inniúil seiceáil ar an láthair a dhéanamh agus nár chuir an t-údarás sin é ar an eolas cheana faoi na cásanna neamhchomhlíonta a fuarthas ina iarratas ar chabhair nó ina éileamh íocaíochta. Dá bhrí sin, cuireann an t-Airteagal sin cur i bhfeidhm na heisceachta maidir le pionóis riaracháin a fhorchur faoi réir dhá choinníoll, arna bhfoirmliú i dtéarmaí diúltacha, nach mór an dá cheann acu a chomhlíonadh tráth a iarrann an tairbhí a iarratas a mhodhnú nó a tharraingt siar.

70 I bhfianaise mhíreanna 46 go 56 den bhreithiúnas seo agus, go háirithe, míreanna 48 go 51 den bhreithiúnas seo, a bhaineann leis an loighic is bun le hAirteagal 15, mura gcomhlíontar an chéad cheann den dá choinníoll dhiúltacha, is é sin le rá, i gcás inar cuireadh an tairbhí ar an eolas go bhfuil sé sé ar intinn ag an údarás inniúil seiceáil a dhéanamh, ní féidir leis an tairbhí sin teacht faoin eisceacht ó phionóis riaracháin a chur i bhfeidhm.

71 Dá bhrí sin, fad is nár cuireadh an tairbhí ar an eolas go raibh sé ar intinn ag an údarás inniúil seiceáil ar an láthair a dhéanamh agus fad is, tar éis rialaithe ar an láthair, nach bhfuil faisnéis faighte aige ón údarás sin maidir le neamhchomhlíonadh a fuarthas ina iarratas ar chabhair nó ina éileamh íocaíochta, níl aon rud ann lena gcuirtear cosc air fógra i scríbhinn a thabhairt don údarás sin faoi na hathruithe atá le déanamh ar a iarratas ar chabhair nó ar a éileamh íocaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, agus gan pionóis riaracháin a thabhú.

72 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an tríú ceist ná nach mór Airteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 a léiriú sa chaoi, ar an gcéad dul síos, go gceanglaítear ar an údarás náisiúnta inniúil le cur i bhfeidhm pionós riaracháin i gcás iarratas ar chabhair nó éileamh mícheart ar íocaíocht a léiriú nach gcomhlíontar an dá choinníoll a leagtar amach ann, faoi réir phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta, na rialacha lena rialaítear glacadh fianaise, na gcoinníollacha lena rialaítear inghlacthacht fianaise nó na bprionsabal lena rialaítear measúnú ar luach cruthúnais na fianaise agus an chaighdeáin cruthúnais a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta agus, ar an dara dul síos, ceadaítear leis an bhforáil sin do thairbhí a iarratas ar chabhair nó a éileamh íocaíochta a mhodhnú nó a tharraingt siar go dtí go gcuirfear in iúl dó go ndearna an t-údarás inniúil seiceáil nó go bhfuarthasneamhchomhlíonadh ina iarratas.

An ceathrú ceist

73 Lena ceathrú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis, ar an gcéad dul síos, ar fhoráil náisiúnta faoina bhféadfaidh iarratasóir ar thacaíocht a iarratas a tharraingt siar i gcás inar cuireadh ar an eolas é faoi fhorluí idir na dáileachtaí dá dtagraítear san iarratas nó i gcás inar cuireadh in iúl dó gur roghnaíodh é le haghaidh seiceáil ar an láthair nó i gcás ina raibh sé faoi réir seiceáil ar an láthair agus inar cuireadh ar an eolas é faoi neamhchomhlíonadh na limistéar agus/nó na n-ainmhithe lena mbaineann an t-iarratas agus, ar an dara dul síos, cleachtas de chuid an údaráis náisiúnta inniúil nach gcuirtear tairbhí na cabhrach ar an eolas faoin seiceáil ar an láthair nó faoi thoradh an rialaithe sin.

74 Maidir leis an gcéad chuid den cheathrú ceist, a bhaineann le cásanna dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais ina n-údaraítear an t-iarratas ar chabhair nó an t-éileamh íocaíochta a tharraingt siar, is léir ón ordú tarchuir go bhforáiltear le hAirteagal 14(6) d'Ordú Uimh. 5 nach bhféadfaidh iarratasóir ar thacaíocht a iarratas nó ceann amháin nó níos mó de na scéimeanna nó na bearta dá dtagraítear ann a tharraingt siar i gcás inar cuireadh in iúl dó go bhfuil forluí idir na dáileachtaí dá dtagraítear san iarratas ar chabhair nó gur roghnaíodh é le haghaidh seiceáil ar an láthair, nó gur cuireadh faoi réir seiceáil ar an láthair agus gur cuireadh ar an eolas é faoi chásanna neamhchomhlíonta a fuarthas maidir leis na réimsí agus/nó na hainmhithe.

75 I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 69 go 72 den bhreithiúnas seo, ceanglaítear le comhréireacht na forála náisiúnta sin le dlí an Aontais go gcomhfhreagraíonn na trí chás dá dtagraítear san fhoráil sin, nach gceadaíonn don iarratasóir ar chabhair a iarratas a tharraingt siar, do cheanglais Airteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014.

76 Maidir leis an gcéad chás dá dtagraítear i ndlí na Bulgáire, eadhon go bhféadfaidh an t-iarratasóir ar chabhair a iarratas a tharraingt siar mura gcuirtear ar an eolas é faoi fhorluí san iarratas ar chabhair i ndáil leis na dáileachtaí dá dtagraítear san iarratas sin, ní mór a mheas, ag féachaint don chuspóir atá á shaothrú le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 dá

dtagraítear i mír 51 den bhreithiúnas seo, go mbaineann an cás sin le cásanna neamhchomhlíonta a chumhdaítear leis an dara coinníoll a leagtar síos in Airteagal 15 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, eadhon nár chuir an t-údarás inniúil an t-iarratasóir ar chabhair ar an eolas cheana féin faoi na cásanna neamhchomhlíonta a fuarthas ina iarratas ar chabhair, a bhaineann le haon chás neamhchomhlíonta, gan idirdhealú.

77 Leis an dara cás dá dtagraítear in Airteagal 14(6) d'Ordú Uimh. 5, eadhon cás nár cuireadh in iúl don iarratasóir ar chabhair gur roghnaíodh é le haghaidh seiceáil ar an láthair, comhlíontar an chéad choinníoll a leagtar síos in Airteagal 15 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, eadhon nár cuireadh an t-iarratasóir ar an eolas go raibh sé beartaithe ag an údarás inniúil seiceáil ar an láthair a dhéanamh.

78 Cé go ndealraíonn sé go bhfuil an chéad dá chás dá bhforáiltear in Airteagal 14(6) d'Fhoraithne Uimh. 5 i gcomhréir le foclaíocht agus cuspóir Airteagal 15 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, ní mar atá maidir leis an tríú cás dá dtagraítear san fhoráil náisiúnta sin, ar cosúil go bhfuil sé ag imeacht ón dara coinníoll a leagtar síos in Airteagal 15.

79 Is amhlaidh atá a mhéid is cosúil gur féidir an tríú cás dá bhforáiltear in Airteagal 14(6) d'Fhoraithne Uimh. 5 a léiriú, rud atá le fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, sa chaoi go n-údarófaí ceartúcháin ar an iarratas ar chabhair i gcás ina n-aimsíonn an riarachán neamhchomhlíonadh, de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, ar choinníoll, áfach, nach bhfuil an cinneadh sin mar thoradh ar seiceáil ar an láthair, nó i gcás ina gcuirtear an t-iarratasóir ar an eolas, tar éis rialaithe ar an láthair, faoi neamhchomhlíonadh a iarratais nach bhfuil nasctha le limistéir agus/nó ainmhithe.

80 Ní mór a mheabhrú nach bhfuil an reachtaíocht náisiúnta soiléir agus beacht go leor chun cur i bhfeidhm atá comhoiriúnach le dlí an Aontais a áirithiú i gcás ina bhféadfadh an reachtaíocht sin a bheith faoi réir léirithe éagsúla, a bhfuil cur i bhfeidhm na reachtaíochta sin atá ag teacht le dlí an Aontais mar thoradh ar cheann amháin acu agus go bhfuil feidhm nach bhfuil ag teacht le dlí an Aontais mar thoradh air sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn (córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 153 agus an cásdlí dá dtagraítear).

81 Maidir leis an dara cuid den cheathrú ceist, a bhaineann le comhlíonadh dhlí an Aontais ag an údarás inniúil náisiúnta nach gcuirtear tairbhí na cabhrach ar an eolas faoin seiceáil ar an láthair ná faoi thoradh na rialaithe sin, ní mór a mheas, ar an gcéad dul síos, cé, faoi Airteagal 25(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 809/2014, nach bhfuil aon oibleagáid ar na húdaráis inniúla riaracháin seiceáil ar an láthair a fhógairt, mar mhalairt ar sin, ceanglaítear orthu faoi Airteagal 41 de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 809/2014 cóip den tuarascáil ar seiceáil a sholáthar don tairbhí i gcás neamhchomhlíonadh a fuarthas.

82 Dá bhrí sin, tá cleachtas de chuid an údaráis náisiúnta inniúil nach gcuirtear an tairbhí ar an eolas faoi thoradh an rialaithe ar an láthair i gcásanna ina n-aimsítear neamhchomhlíonadh contrártha d'Airteagal 41(2) agus do phrionsabal an dea-riaracháin.

83 Sa dara háit, d'fhéadfadh cleachtas den sórt sin an cuspóir a shaothraítear le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 a chur i mbaol, is é sin iarratais mhíchearta ar chabhair nó éilimh íocaíochta mhíchearta a spreagadh le tuairisciú don údarás inniúil chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Mar a thugann an Coimisiún faoi deara, le cleachtas ginearálta gan toradh

an rialaithe ar an láthair a fhógairt i gcás ina n-aimseofaí neamhchomhlíonadh, mhéadófaí an fhéidearthacht do thairbhithe leasuithe a dhéanamh ina dhiaidh sin, gan pionóis riaracháin a fhorchur orthu.

84 I bhfianaise a bhfuil thuas, is é an freagra ar an gceathrú ceist ná nach mór Airteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis, ar an gcéad dul síos, ar fhoráil náisiúnta faoina bhféadfaidh iarratasóir ar thacaíocht a iarratas a tharraingt siar i gcás ina raibh sé faoi réir seiceáil ar an láthair agus inar cuireadh ar an eolas é faoi neamhchomhlíonadh a fuarthas, teoranta do na limistéir agus/nó do na hainmhithe a chumhdaítear leis an iarratas amháin agus, ar an dara dul síos, do chleachtas de chuid an údaráis náisiúnta inniúil nach gcuirtear tairbhí na cabhrach ar an eolas faoin seiceáil ar an láthair ná faoi thoradh an rialaithe sin.

An cúigiú ceist

85 Lena cúigiú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an tríú habairt d'Airteagal 49(1) den Chairt infheidhme maidir le pionós amhail an pionós a fhorchuirtear ar fheirmeoir faoi Airteagal 19a de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, i gcás ina raibh an fhoráil dheireanach sin i bhfeidhm ar an dáta a cuireadh isteach an t-iarratas ar thacaíocht agus ar an dáta a forchuireadh an pionós sin, ach a scriosadh, ar dháta an scrúdaithe ar an gcaingean i gcoinne an phionóis sin, ón leagan comhdhlúite den Rialachán Tarmligthe sin, a leanann d'fheidhm a bheith aige, cé go ndearnadh é a aisghairm ón 1 Eanáir 2023, maidir le hiarratais a cuireadh isteach roimh an dáta sin i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán Tarmligthe 2022/1172.

86 I ndáil le sin, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, is faoin gcúirt náisiúnta amháin ar os a comhair a tugadh an díospóid atá sé, agus nach mór di glacadh le freagracht as an gcinneadh breithiúnach atá le déanamh ina dhiaidh sin, measúnú a dhéanamh, i bhfianaise imthosca áirithe an cháis, ar an ngá atá le réamhrialú le bheith in ann a breithiúnas a thabhairt agus ar ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí ar an gCúirt. Dá bhrí sin, ós rud é go mbaineann na ceisteanna a tarchuireadh le léiriú dhlí an Aontais, tá sé de cheangal ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt (breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2024, *FA.RO. di YK & C.*, C-16/23, EU:C:2024:886, mír 33).

87 Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnas diúltú do rialú a thabhairt ar cheist arna tarchur ag cúirt náisiúnta le haghaidh réamhrialú ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíorais iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil na heilimintí fíorasacha agus dlíthiúla is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a tarchuireadh (breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2024, *FA.RO. di YK & C.*, C-16/23, EU:C:2024:886, mír 34).

88 Ar dtús, ní mór a mheabhrú, sa chás seo, gur aisghaireadh Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 le Rialachán Tarmligthe 2022/1172 agus gur léir ó Airteagal 13 de Rialachán Tarmligthe 2022/1172 go leanann an Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 d'fheidhm a bheith aige i ndáil le hiarratais ar chabhair le haghaidh íocaíochtaí díreacha arna gcur isteach roimh an 1 Eanáir 2023. Dá bhrí sin, ós rud é gur cuireadh an t-iarratas ar chabhair atá i gceist sna príomhimeachtaí isteach in 2021, leanann Airteagal 19a de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 d'fheidhm a bheith aige

ratione temporis maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, cé gur aisghaireadh an Rialachán Tarmligthe sin le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Ní bhaineann sé le hábhar gur forchuireadh an pionós tar éis aisghairm Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014.

89 Ina dhiaidh sin, ní mór a mheas, murab ionann agus dearbhú na cúirte a rinne an tarchur, go bhfuil Airteagal 19a fós mar chuid den leagan de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 is infheidhme *ratione temporis* maidir leis an gcás sna príomhimeachtaí agus den leagan comhdhlúite is déanaí den Rialachán Tarmligthe sin sular aisghaireadh é.

90 Sna himthosca sin, a mhéid atá sí bunaithe ar bhonn mícheart, ardaítear leis an gcúigiú ceist fadhb hipitéiseach, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 87 den bhreithiúnas seo, agus dá bhrí sin ní mór a dhearbhú go bhfuil sí do-ghlactha (féach, de réir analaí, breithiúnas an 16 Eanáir 2025, *Stangalov*, C-644/23, EU:C:2025:16, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).

Costais

91 Os rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Naoú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe agus leis na cúinsí faoina ndiúltófar nó faoina n-aistarraingeofar íocaíochtaí agus pionóis riaracháin is infheidhme maidir le híocaíochtaí díreacha, le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe agus le traschomhlíonadh, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/1393 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2016,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

   ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar iarratasóir ar chabhair an t-údarás náisiúnta inniúil a chur ar an eolas faoi aon earráid nó modhnú ar an iarratas ar chabhair nó ar an éileamh íocaíochta trí ardán tiomnaithe ríomhaireachta amháin, ar choinníoll go n-urramaítear na cuspóirí a shaothraítear le reachtaíocht an Aontais atá i gceist agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, go háirithe prionsabail na comhréireachta agus na deimhneachta dlíthiúla.

2. **Maidir le hAirteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, arna leasú le Rialachán Tarmligthe Uimh. 2016/1393,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

   ní mór é a léiriú sa chaoi, ar an gcéad dul síos, go gceanglaítear le cur i bhfeidhm pionós riaracháin i gcás iarratas mícheart ar chabhair nó iarratas mícheart ar íocaíocht a léiriú nach bhfuil an dá choinníoll a leagtar amach ann á gcomhlíonadh, faoi réir phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta, leis na rialacha mionsonraithe lena rialaítear

glacadh fianaise, na coinníollacha lena rialaítear inghlacthacht fianaise nó na prionsabail lena rialaítear measúnú ar luach cruthúnais fianaise agus an caighdeán cruthúnais a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta agus, ar an dara dul síos, ceadaítear leis an bhforáil sin do thairbhí a iarratas ar chabhair nó a éileamh íocaíochta a mhodhnú nó a tharraingt siar go dtí go gcuirfear in iúl dó go ndearna an t-údarás inniúil seiceáil nó go bhfuarthas neamhchomhlíonadh ina chur i bhfeidhm.

3. Maidir le hAirteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014, arna leasú le Rialachán Tarmligthe Uimh. 2016/1393,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

cuirtear cosc leis, ar an gcéad dul síos, ar fhoráil náisiúnta faoina bhféadfaidh iarratasóir ar thacaíocht a iarratas a tharraingt siar i gcás ina raibh sé faoi réir seiceáil ar an láthair agus inar cuireadh ar an eolas é faoi neamhchomhlíonadh a fuarthas, teoranta do na limistéir agus/nó do na hainmhithe a chumhdaítear leis an iarratas amháin agus, ar an dara dul síos, do chleachtas de chuid an údaráis náisiúnta inniúil nach gcuirtear tairbhí na cabhrach ar an eolas faoin seiceáil ar an láthair ná faoi thoradh an rialaithe sin.

[Sínithe]